

❁ An Lúibín ❁

29 Deireadh Fómhair 2008

Deireadh Lá Nua

One of the most enterprising ventures in the Irish language, the newspaper Lá Nua, is to cease publication.

Beidh deireadh leis an nuachtán laethúil *Lá Nua* (www.nuacht.com) roimh an Nollaig de bharr chinneadh Fhoras na Gaeilge gan maoiniú a thabhairt dó feasta. D'admhaigh foilsitheoir *Lá Nua*, Máirtín Ó Muilleoir, go raibh £202,000 caillte ag an nuachtán go dtí deireadh Mhí Mhárta 2008 agus gur síleadh go gcaillfí £70,000 eile faoi dheireadh na bliana: 'Níl sé ar ár gcumas cailliúintí mar sin a iompar a thuilleadh'.

Bhí *Lá Nua* i gcruachás tamall ó shin ach d'éirigh leis pingíní go leor a bhailiú chun dul ar aghaidh. Níor éirigh leis an dara géirchéim a chur de. Mar a dúirt Máirtín Ó Muilleoir, bheadh sé thar a bheith deacair nuachtán laethúil Gaeilge a sholáthar ar an deontas de €230,000 a bhí le fáil ón bhForas.

Mar a deir Breandán Delap¹ in eagrán Mhí Mheán Fómhar de *Beo* (www.Beo.ie), bíonn deacrachtaí tráchtála ar leith ag nuachtáin Ghaeilge. Tugann sé figiúirí an *Audit Bureau of Circulation* mar shampla: díoltar gach lá timpeall 60,000 cóip den *Irish Independent*; 118,000 cóip den *Irish Times*; 107,000 cóip den *Irish Sun*; 103,000 cóip den *Irish Star*; 83,000 den *Evening Herald* agus den *Belfast Telegraph* araon; 73,000 den *Irish Mirror*; 56,000 den *Irish Examiner* agus 49,000 den *Irish News*. Deir Delap gur i gcomhthéacs na bhfigiúirí sin a chaithfear cumas iomaíochta nuachtáin laethúil sa Ghaeilge a mheas, agus nach féidir le haon cheann de na meáin Ghaeilge treabhadh leis féin i gcúrsaí tráchtála. Bíonn na meáin Ghaeilge ag brath ar roinnt éigin fógraíochta chun brabach a dhéanamh, agus tá an iomarca lámh ar lorg a gcoda sa mhias sin. Tá maoiniú stáit ann - €300,000 do *Foinse* in aghaidh na bliana agus timpeall €252,000 do *Lá Nua* – ach ní leor an t-airgead sin ann féin.

Ansín, a deir Delap, tá ceisteanna dáiliúcháin le réiteach. Is minic nach fiú do shiopaí spás a chur ar fáil do nuachtán Gaeilge agus nuachtáin as Éirinn, as Sasana agus as Oirthear Eorpa á ndíol acu go laethúil.

Mar sin, tagann an cheist chun cinn: an bhfuil aon mhargadh ann do nuachtán laethúil Gaeilge? Mar iar-eagarthóir ar nuachtán Gaeilge, is oth liom a admháil nach measaim go bhfuil. Is cuma cé mhéid achainí a shínítear nó cé mhéid cuimilte a dhéanann na nuachtáin Ghaeilge ar a gcuid figiúirí díolacháin, ní thig leo an fhírinne a cheilt: níl mórán ráchairte ar fhoilseacháin i dteanga neamhfhorleathan. Ní gá gur ábhar náire é seo, ach ní fiú a bheith ag cur i gcéill ach an oiread.

Fágann sin, dar leis, go raibh an ceart ar fad ag Foras na Gaeilge deireadh a chur leis an maoiniú. Mar sin féin, molann sé an gaisce a rinne *Lá Nua*, gaisce arb annamh a leithéid déanta i dteanga mhionlaigh.

Tá sé de rún ag Foras na Gaeilge maoiniú a thabhairt feasta do nuachtán seachtainiúil Gaeilge amháin, ceann a mbeadh seirbhís leictreonach ag siúl leis: sin €400,000 de mhaoiniú

¹ Is Clár-Eagarthóir le Nuacht RTÉ/TG4 é Breandán Delap, agus atheagarthóir de chuid an nuachtáin *Foinse*.

in aghaidh na bliana. Beidh suim sa chonradh sin, agus, mar a deir Delap, bheadh sé de bhuntáiste ag an nuachtán nua nach mbeadh aon iomaíocht mhór ann agus go mbeadh teacht aige ar bhuíon mhór iriseoirí. Admhaíonn sé, áfach, gurb í an iomaíocht a chuireann faobhar ar an iriseoireacht agus gur furasta na maidí a ligean le sruth gan í.

Cuireann Delap i gcuimhne dúinn cé chomh mór is atá na nuachtáin Ghaeilge ag brath ar fhógraí na gcomhlachtaí stáit, agus deir nach mbeidh dualgas ar na comhlachtaí sin fógraí Gaeilge a sholáthar feasta de bharr an athraithe atá le déanamh ar na rialacháin. Ní furasta ach oiread fógraí a mhealladh ó ghnólachtaí príobháideacha. Tugann seo le tuiscint go mbeadh nuachtán seachtainiúil féin i mbaol feasta mura ndéanfaí méadú suntasach ar mhaoiniú stáit. Is dócha nach féidir teacht gan nuachtán de shaghas éigin anois agus nach mór don Fhoras díol as, mura bhfuil an t-airgead le fáil in aon áit eile; agus fanaimis le méadú an phobail a léifidh é.



Acht na Gaeilge thuaidh

Irish speakers in Northern Ireland are determined to secure a Language Act; their opponents are determined to deny it to them.

Ar 11/10/08 bhí slua páirteach i mórshiúl i mBéal Feirste ar son ruda atá ag dó na geirbe ag na nGaeilgeoirí ann le fada an lá – Acht Gaeilge do Thuaisceart Éireann. Dúirt an BBC (guth na fírinne) nach raibh ann ach timpeall 400 duine; dúirt na fíréin go raibh tuairim 4,000 duine ann.² Faoi choimirce na heagraíochta POBAL a cuireadh an léirsiú ar bun, agus trí chúis leis: bhí bliain ann ó dúirt an tAire a bhaineann leis an scéal nach ndéanfaí an tAcht a reachtú; bhí dhá bhliain ann ó gheall rialtas na Breataine go dtabharfaí an tAcht isteach; agus (rud a léiríonn nádúr fíorpholaitiúil an scéil) ba é cothrom an chéad mhórshiúl é a rinneadh ar son cearta sibhialta i mBéal Feirste daichead bliain ó shin.

Thug an méid a dúirt urlabhra POBAL léargas ar chomhdhéanamh phobal na Gaeilge sa Tuaisceart agus tagairt á déanamh aici dá raibh sa mhórshiúl – múinteoirí, daltaí scoile, doctúirí, banaltraí, dlíodóirí agus mic léinn. Is léir gur cúrsaí meánaicme atá i gceist anseo, rud a fhágfaidh a rian ar dhul chun cinn na teanga.

Dúirt an t-urlabhra go gcaithfeadh na Gaeilgeoirí féin a shocrú cad a bheadh rompu (nó, i nGaeilge an lae inniu, 'a dtodhchaí féin a mhúnlú') agus go raibh siad i dteideal aitheantas a éileamh ar an rialtas agus ar na haontachtaigh. Bhí uaisle na Cúise i láthair agus an tArd-Mhéara ar a dtosach, comhartha eile ar dhínit nua na nGael sna cúrsaí seo. Níl súil ar bith, ar ndóigh, go gcaillfidh an cheist seo an blas borb polaitiúil a bhí uirthi ó thús, agus gan chuimhne ar bith ag an dream eile ar a raibh de sheanmóirí Gaeilge á dtabhairt i séipéil Phrotastúnacha roimh an nGorta. Má thagann an tAcht (agus tá dreamanna ann ar fuath leo a leithéid) beidh sé ina bhua cultúrtha agus polaitiúil, rud a chealóidh Cath na Bóinne.

24 Deireadh Fómhair – 16 Samhain
Turas John Spillane san Astráil 2008

www.johnspillane.ie nó www.myspace.com/johnspillane

7-9 Samhain
Fleá Cheoil i nGoulburn
www.irishmusicianssydney.com

² Féach tuairisc *Lá Nua*, 13/10/08: www.nuacht.com.

Ateangaireacht sa Bhruiséil

A small group of interpreters try to give substance to Irish language policy in Brussels.

An té a chuireann suim in úsáid mhíchothrom na Gaeilge sa Bhruiséil, cuirfidh sé suim sa phíosa a scríobh Colm Ó Broin do *Lá Nua* (6/10/08) faoi obair na n-ateangairí.

Bhain an teanga stádas oifigiúil amach ar 1/1/07 ach bhí ranganna Gaeilge ar siúl chomh luath le Mí Mheán Fómhair 2006 do dhaoine ar mhian leo dul le ceird na hateangaireachta. Níl ach beirt ag déanamh na hoibre faoi láthair, agus bhí ionadh orthu (mar nach cainteoirí dúchais iad) go raibh an oiread sin Gaeilge acu cheana – rud a chuirfeadh i gcéill go bhfuil neart Éireannach ann a bheadh líofa go leor ach cleachtadh a dhéanamh. Coinníonn an bheirt blas ar a gcuid Gaeilge trí na nuachtáin Ghaeilge a léamh agus éisteacht le podchraoltaí.

Ó Ghaeilge go Béarla amháin a dhéantar aistriú, rud atá ag cur le nós an AE gur go dtí do theanga dhúchais amháin a dhéanfá ateangaireacht. Nuair a dhéantar Béarla den Ghaeilge, is é an leagan Béarla a aistrítear go teangacha eile. Leis an Aonad Béarla a bhaineann na Gaeilgeoirí sa Bhruiséil, agus a fhios acu go maith cé acu teanga a bhfuil an lámh in uachtar aici: stad na Sualannaigh de bheith ag labhairt Sualainnise i gcruinnithe tamall ó shin. Os a choinne sin, tá cainteoir Gearmáinise agus cainteoir Spáinnise ag foghlaim Gaeilge chun ateangaireacht a dhéanamh go díreach go dtí a dteanga dhúchais. Mar sin féin, ní féidir fós ateangaireacht a dhéanamh ó theanga ar bith go Gaeilge: níl fáil ar chainteoirí dúchais a bhfuil teangacha eile acu. Ní furasta ach oiread ateangairí Béarla féin a fháil, ós beag Béarlóir ar fiú leis teangacha na hEorpa a fhoghlaim.

Dealraíonn sé nach ndéanann na Feisirí féin beart de réir a mbriathair. Ní mó ná sásta atá na hateangairí Gaeilge le hAírí rialtais a bhíonn ag spalpadh Gaeilge ar Raidió na Gaeltachta ach nach labhraíonn ach cúpla focal di i gcruinnithe de chuid an Choimisiúin nó i gComhairle na nAírí sa Bhruiséil.

DAONSCOIL SHAMHRAIDH 2009

Cúrsa seachtaine Gaeilge agus é ag freastal ar gach dream ó thosaitheoirí go dtí cainteoirí líofa.

Beidh sé ar siúl **ó 4 Eanáir 2009 go dtí 11 Eanáir 2009**, agus caithfidh tú a bheith ann idir 2pm agus 3pm i dtús an chúrsa chun clárú.

An áit: Lady Northcote Recreation Camp, Rowsley (atá láimh le Bacchus Marsh), Victoria, timpeall uair an chloig de thiomáint ó Mhelbourne.

| | |
|-----------------------------|---|
| <i>Táillí seachtainiúla</i> | <i>Duine fásta \$470.</i> |
| | <i>Dalta (4-15 bliana d'aois) \$355</i> |
| | <i>Páiste \$235</i> |

| | |
|------------------------|---------------------------------------|
| <i>Táille laethúil</i> | <i>\$75 (agus béilte san áireamh)</i> |
|------------------------|---------------------------------------|

Féach **www.gaeilgesanastrail.com** chun breis eolais a fháil.

An tSín agus an tuath

China's farmers, restless and innumerable, are to become a little richer.

Arís agus arís eile i stair na Síne ba iad muintir na tuaithe a chuir toil na bhFlaitheas i bhfeidhm, iad ag éirí amach faoi cheannas eachtránaí éigin. Sin mar a tháinig na Cumannaigh féin i gcumhacht, agus níl an chuid sin de stair na tíre dearmadta acu. Tá muintir na tuaithe ann i gcónaí – na milliúin acu – agus iad ina n-údar imní. Tá siad bocht agus b'fhearr leo a bheith gustalach; tá siad cráite ag saint na mionfheidhmeannach agus b'fhearr leo an tsaint sin a mhúchadh.

Anois tá an rialtas chun atheagar a chur ar chúrsaí na tuaithe trí bhreis smachta a thabhairt d'fheirmeoirí ar an talamh. Tá súil ag an rialtas go gcuirfear níos mó bia ar fáil dá bharr agus go mbeidh a dhá oiread teacht isteach á fháil ag muintir na tuaithe faoin mbliain 2020: deirtear nach bhfaigheann an gnáthdhuine faoi láthair ach isteach is amach le \$900 Astrálach. Tiocfaidh feirmeacha móra (agus ollmhóra féin) in áit na bhfeirmeacha beaga, agus billiún Síneach á gcothú dá bharr. Sin an cuspóir: agus is dána an té a déarfadh nach féidir é a bhaint amach.

Sna hochtóidí bhí feirmeoirí beaga in ann gnólachtaí déantúsaíochta, dáiliúcháin agus seirbhíse a chur ar bun, gnólachtaí ar cheadmhach dóibh a gcuid brabaigh a choinneáil, díbhinní a íoc agus scairdeanna a eisíuint. Ó bhancanna stáit a fuarthas an maoiniú. Ba dhóigh leat ar ainmneacha na ngnólachtaí seo gur chomharchumainn iad, ach ba le fiontraithe tuaithe iad.

Chuaigh an roth thart sna nóchaidí: d'imigh an tseanghlúin de cheannairí náisiúnta a tógadh faoin tuaith agus tháinig glúin chathrach isteach. Bhí a rian sin ar an ngeilleagar: méadú na gcathrach, méadú na gcomhlachtaí móra stáit agus teacht na gcomhlachtaí eachtrannacha. Ní raibh teacht ag fiontraithe tuaithe ar mhaoiniú; gabhadh cuid acu agus druideadh a ngnólachtaí. Gearradh breis cánach ar an tuath agus druideadh ospidéal agus scoileanna, rud a d'fhág na milliúin gan leigheas gan léamh gan scríobh. Bhí rudaí eile ag siúl leis an saol nua - truailliú, breabaireacht agus earnáil lag airgeadais. Bhí sé de bhuntáiste ag fiontraithe Síneacha, ar a laghad, go raibh fáil acu anois ar infheistíocht ón iasacht.³

Sean-nath é gur lucht nádúrtha gnó iad na Síneigh. Ba dheacair an sean-nath a shárú má chuimhnítear ar dhíograis na ndaoine a chuireann monarchana beaga ar bun chun earraí ar bith a bheadh indíolta a dhéanamh – crúcaí cíochbheart, mar shampla. Nuair a thagann meath tráchtála imíonn na monarcha sin mar cheo lá gréine; nuair a bhláthaíonn cúrsaí tráchtála arís tagann na fiontraithe áitiúla ar ais ar uachtar. Bíonn na húdaráis áitiúla ar a míle dícheall ag cur cúrsaí gnó chun cinn ina gceantar féin, beag beann ar truailliú uisce agus aeir; tá jabanna ag baint leis, agus súil ag an bpobal go mbeidh rath ar chách dá bharr.

Anois tá an roth ag casadh arís. De réir dlí, is leis na comharchumainn an talamh tuaithe; bíonn conarthaí tríocha bliain ag na feirmeoirí a ligeann dóibh an talamh a shaothrú agus an brabach a choinneáil. Anois tá athrú suntasach le déanamh ar an dlí: beidh feirmeoirí in ann a gcuid talaimh a ligean ar cíos nó a dhíol, agus airgead cíosa a úsáid chun gnólacht a chur ar bun. Beidh feirmeoirí in ann cur fúthu sna cathracha (rud a dhéanann an t-uafás daoine anois féin) agus fáil acu ar leas sóisialach i gcúrsaí sláinte, oideachais agus eile, leas nach féidir leo a fháil ann faoi láthair. Roimhe seo ba ghá talamh stáit a dhéanamh de thalamh na gcomharchumann sularbh fhéidir feidhm eile a bhaint as; bhí teorainn leis an gcúiteamh, agus b'fhéidir le ceannairí sráidbhaile agus feidhmeannaigh áitiúla an talamh a fháil go saor agus é a dhíol le lucht forbartha ar phraghas ard. Ba chúis mhór achrainn riamh é seo, rud a chuir eagla ar an rialtas agus a chuir dlús le hathchóiriú an dlí.

³ *The Weekend Financial Review*, 4-5/10/08, lch 32, agus alt air a foilsíodh ar dtús ar an *Economist*.

Ní dóigh le haon duine go gcuirfidh an t-athchóiriú deireadh le cleasanna na mbrabachóirí. De réir a chéile, áfach, cuirfidh sé cuma nua ar shaol na tuaithe; leanfaidh na milliúin orthu ag baint na gcathracha amach agus beidh an chuid eile ina suí go te sa bhaile, más fíor; ach mairfidh na sean-nósanna sinseartha d'ainneoin an tsaoil, mar nach féidir leis na Síinigh gan filleadh ar an dúchas.



Mura mian leat *An Lúibin* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun ColinG.Ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to ColinG.Ryan@ato.gov.au.